Iúil 2016/QG4-V2 © QQI

Earnáil-
shonrach

# Treoirlínte Reachtúla Dearbhaithe Cáilíochta

## arna gcur i dtoll a chéile ag QQI ar son Forais Cháiliúcháin Ainmnithe

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLAR

1 Buneolas....2
1.1 Cad é cuspóir na dtreoirlínte seo?....2
1.2 Cé lena mbaineann siad?....2
2 Raon Feidhme Gnásanna Dearbhaithe Cáilíochta....3
3 Tagairtí Eorpacha....4
4 Taighde....4
5 Freagrachtaí na bhForas Cáiliúcháin....5
5.1 Dearbhú cáilíochta soláthraithe nasctha....5
5.2 Gnásanna dearbhaithe cáilíochta de chuid soláthraithe nasctha a cheadú....6
6 Caighdeáin agus Dámhachtainí....9
6.1 Gnásanna deimhniúcháin....9

# 1 BUNEOLAS

Forlíonann na treoirlínte reachtúla, earnáil-shonracha, dearbhaithe cáilíochta (DC) d'fhorais cháiliúcháin ainmnithe na Croí-Theoirlínte Reachtúla Dearbhaithe Cáilíochta atá infheidhmithe do **gach** soláthraí. Cé go soláthraíonn na Croí-Treoirlínte Reachtúla Dearbhaithe Cáilíochta an chuid is mó den treoir dearbhaithe cáilíochta a theastaíonn, cuireann na treoirlínte sain-earnála seo leis an gcroílár trí dhíriú ar fhreagrachtaí sonracha na bhforas cáiliúcháin ainmnithe mar atá siad leagtha amach san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (leasú) Ba cheart do FCAnna tagairt a dhéanamh freisin do threoirlínte DC eile atá sainiúil do thopaic QQI, de réir mar is cuí.

Is iad na forais cháiliúcháin ainmnithe na forais sin a bhfuil an t-údarás faoin dlí acu dámhachtainí a dhéanamh agus a mbaineann Acht 2012 leo. Faoi láthair, is iad seo na hollscoileanna a bhí bunaithe roimhe seo, Ollscoil na hÉireann, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn. Tá freagracht faoi Acht 2012 ar fhorais cháiliúcháin ainmnithe i leith soláthraithe nasctha, agus tá na freagrachtaí sin sonraithe sa tsraith treoirlínte seo.

## 1.1 CAD É CUSPÓIR NA DTREOIRLÍNTE SEO?

Leagtar amach sna treoirlínte seo treoirlínte breise reachtúla um dhéarbhú cáilíocht a bhaineann go sonrach le forais cháiliúcháin ainmnithe. Dírítear sna treoirlínte breise DC seo ar fhreagrachtaí na bhforas cáiliúcháin ainmnithe ina gcáil mar:

- Forais cháiliúcháin uathrialacha, neamhspleácha, a shocraíonn caighdeáin agus a dhéanann a gcuid dámhachtainí stáit féin agus dámhachtainí ar son soláthraithe nasctha[1];
- Sainmhínítear laistigh d'Acht 2012 forais cháiliúcháin ainmnithe a oibríonn i gcomhar le QQI agus an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).
- Forais cháiliúcháin ainmnithe a bhfuil freagrachtaí orthu i leith soláthraithe nasctha:
- "Soláthraithe ábhartha" mar atá leagtha amach in Acht 2012; agus
- Institiúidí ardoideachais a bhfuil taithí acu a fhéachann lena gcóras dearbhaithe cáilíochta inmheánach a fheabhsú agus a bhreisiú go leanúnach.

## 1.2 CÉ LENA MBAINEANN SIAD?

Tá na treoirlínte seo infheidhme maidir le forais cháiliúcháin ainmnithe, .i. na forais sin a bhfuil an t-údarás faoin dlí acu dámhachtainí a dhéanamh agus a mbaineann Acht 2012 leo.

1 Is éard is soláthraí nasctha ann ná soláthraí nach foras cáiliúcháin ainmnithe é, ach a dhéanann socrú le foras cáiliúcháin ainmnithe faoina soláthraíonn an soláthraí clár oideachais agus oiliúna a shásaíonn na réamhriachtanais go léir nó cuid de na réamhriachtanais do dhámhachtain de chuid an fhorais cháiliúcháin ainmnithe faoin socrú sin.

# 2 RAON FEIDHME NA NGNÁSANNA DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

Is é an beartas náisiúnta ná gur gnásanna cuimsitheacha a bheidh sna gnásanna dearbhaithe cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí i gcás na bhforas cáiliúcháin ainmnithe Ciallaíonn sé sin go gclúdóidh gnásanna den sórt sin gach oideachas agus oiliúna, taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara ón bhforas cáiliúcháin ainmnithe Ba chóir go dtuigfí go gcuimsítear leis seo gach clár oideachais is cuma cé acu an leanann dámhachtainí sa CNC nó dámhachtainí (aonair agus/nó comhpháirteacha) de chuid forais cháiliúcháin eile astu nó nach leanann. Ina theannta sin, clúdófar sna gnásanna ceadú, monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht na ngnásanna dearbhaithe cáilíochta de chuid soláthraithe nasctha.

I dteannta athbhreithniú tréimhsiúil rialta (nó trína chuimsiú ann) ar chláir staidéir, ba cheart d'fhorais cháiliúcháin ainmnithe tabhairt faoi athbhreithnithe cáilíochta ar ranna acadúla, riaracháin agus seirbhíse, agus mar is cuí in aonaid amhail scoileanna, dámha, agus coláistí. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin athbhreithnithe téamacha a dhéanamh ar shaincheisteanna uile-institiúide mar chuid de thimthriall rialta na meastóireachta ar aonaid.

Is féidir leis na bearta cáilíochta sainráite a shamhlaítear faoi na Caighdeáin agus na Treoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta sa Réimse Ardoideachais Eorpach, Bealtaine 2015 (ESG) tagairt a dhéanamh do dhearadh, ceadú, monatóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil ar chláir staidéir; tacaíochtaí agus oiliúint don fhoireann teagaisc agus aiseolas rialta ó mhic léinn agus gnásanna gearáin. Anuas air sin, is féidir le meicníochtaí seanbhunaithe ar nós an chórais scrúdaitheora sheachtraigh agus feidhmeanna taighde institiúideacha agus pleanála straitéisí cur go mór le cáilíocht.

Ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil ar cháilíocht a thuiscint i gcomhthéacs raon meicníochtaí eile in institiúidí ardoideachais, a gcaithfidh siad idirghníomhú leo agus a gcaithfidh siad tacú leo má tá siad le bheith lánéifeachtach. Ba cheart cineálacha cuir chuige institiúideacha comhtháite i leith feabhsú cáilíochta a ghiaráil ionas go gcuirtear deireadh le dúbailt neamhriachtanach, go laghdaítear ualaigh agus, níos tábhachtaí fós, go gcuirtear sineirgíocht chun cinn. Ba cheart go bhfeicfí buntáistí agus deiseanna d'institiúidí mar thoradh ar na cineálacha cuir chuige sin trína bhféadfadh institiúidí éifeachtacht a gcóras agus a ngnásanna a thástáil d'fhonn feabhsú leanúnach a dhéanamh; dea-chleachtas a aithint agus a scaipeadh; dúshláin agus réimsí le feabhsú agus an tslí le díriú orthu a aithint; eispéireas an mhic léinn a fheabhsú; agus feabhas a chur ar phleanáil straitéiseach agus ar phleanáil eile mar is cuí.

# 3 TAGAIRTÍ EORPACHA

Tagann gealltanais Eorpacha na hÉireann ónár mballraíocht san Aontas Eorpach (AE) agus ónár rannpháirtíocht i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA). Tá na Caighdeáin agus na Treoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG), Bealtaine 2015, mar bhonn agus taca leis na treoirlínte seo. Féachfaidh forais cháiliúcháin ainmnithe, leis, d'aon chaighdeáin, treoirlínte, treoracha, beartais nó gealltanais pholaitiúla Eorpacha arna nglacadh go náisiúnta. Samplaí de ghealltanais Eorpacha den sórt sin is ea, ach gan a bheith teoranta do, an Coinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint 1997, Lámhleabhar ECTS 2015 agus an Cur Chuige Eorpach dearbhaithe cáilíochta clár comhpháirteach, Deireadh Fómhair 2014.

# 4 TAIGHDE

Tá an foras cáiliúcháin ainmnithe freagrach as córas comhtháite dearbhaithe cáilíochta a eagrú maidir lena ghníomhaíochtaí taighde. Ba cheart go gcuirfeadh siad seo leis na piarmheicníochtaí athbhreithnithe a úsáidtear go forleathan i maoiniú agus i bhfoilsiú taighde agus go n-ionchorprófaí méadrachtaí ábhartha iontu. Ba cheart go bhforlíonfadh siad seo na gnásanna ar leith a cuireadh i bhfeidhm chun cáilíochta oideachas agus oiliúint taighde a dhearbhú.

# 5 FREAGRACHTAÍ NA BHFORAS CÁILIÚCHÁIN

Baineann na treoirlínte le FCAnna mar fhorais cháiliúcháin uathrialacha atá freagrach as a gcláir oideachais agus oiliúna féin, taighde, agus seirbhísí gaolmhara agus as aon chláir a thairgeann soláthraithe comhlachaithe as a leanann dámhachtainí atá san áireamh laistigh den CNC arna ndéanamh ag FCAnna. Ceanglaítear ar FCAnna féachaint do na treoirlínte DC seo agus dá ngnásanna DC féin á mbunú, á n-athnuachan agus á n-athbhreithniú acu agus iad ag ceadú agus ag athbhreithniú éifeachtacht gnásanna DC a gcuid soláthróirí nasctha.

## 5.1 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SOLÁTHRAITHE NASCTHA

I gcás ina ndéanann FCA dámhachtain i leith clár a thairgeann soláthraí comhlachaithe, ní mór dó foráil a dhéanamh ina ngnásanna DC féin chun maoirseacht, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúla atá gnásanna DC gach ceann dá sholáthraithe nasctha.

Clúdóidh gnásanna den sórt sin:

- Ceadú ghnásanna DC na soláthraithe nasctha a leanann dámhachtain de chuid an FCA as a gclár nó a gcláir, ag féachaint do threoirlínte ábhartha QQI maidir le DC.

- Monatóireacht ar chláir as a leanann dámhachtainí an FCA.

- Socruithe lena chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí cláraithe cláir as a leanfaidh dámhachtainí comhchosúla a chríochnú i gcás go scoirfidh an soláthraí tosaigh den chlár/na cláir a thairiscint ar chúis ar bith, lena n-áirítear tarraingt siar na feidhme dámhachtana ag an bhforas cáiliúcháin. Baineann na ceanglais seo le foghlaimeoirí cláraithe a chosaint ar chláir de chuid soláthraí nasctha as a leanann dámhachtainí an fhorais cháiliúcháin ainmnithe. Beidh ar na soláthraithe nasctha sin ar mian leo an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a lorg amach anseo socruithe a bheith i bhfeidhm acu chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint a thagann leis na coinníollacha atá leagtha amach in Alt 65 d'Acht 2012.

- Athbhreithniú de chuid an fhorais cháiliúcháin ainmnithe ar a éifeachtaí atá na gnásanna dearbhaithe cáilíochta arna mbunú agus arna gcur i bhfeidhm ag an soláthraí nasctha faoi Alt 37 d'Acht 2012. An foras cáiliúcháin ainmnithe a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar sholáthraí nasctha i gcomhréir leis na gnásanna maidir le hathbhreithniú timthriallach arna mbunú ag QQI. Ba chóir go n-áireofaí sna gnásanna foráil chun cóip de thuarascáil an athbhreithnithe a sheoladh chuig QQI.

- Ceadú gnásanna dearbhaithe cáilíochta de chuid soláthraí nasctha faoi Alt 39 d'Acht 2012 a tharraingt siar ag foras cáiliúcháin ainmnithe. Áireofar leis seo gnásanna chun fógra faoi aon tarraingt siar den sórt sin a chur ar aghaidh chuig QQI.

- Duine neamhspleách achomhairc a cheapadh chun críocha achomharc a éisteacht faoi Alt 39 d'Acht 2012.

- Achomharc a éisteacht faoi Alt 39 d'Acht 2012.

Féadfaidh forais cháiliúcháin ainmnithe rogha dhéanamh glacadh leis na treoirlínte seo a leanas dá soláthraithe nasctha, *Treoirlínte Earnáil-Shonracha QQI Dearbhaithe Cáilíochta, Treoirlínte Reachtúla DC do Sholáthraithe Neamhspleácha/Príobháideacha atá ag teacht chuig QQI ar bhonn deonach, Aibreán 2016.*

## 5.2 GNÁSANNA DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA DE CHUID SOLÁTHRAITHE NASCTHA A CHEADÚ

Agus a fhreagrachtaí reachtúla á gcomhlíonadh aige maidir le treoirlínte DC a sholáthar go díreach do na soláthraithe nasctha, tá treoir tugtha ag QQI do sholáthraithe nasctha féachaint do na Croí-Threoirlínte Reachtúla Dearbhaithe Cáilíochta.

Agus gnásanna DC de chuid soláthraithe nasctha á mbreithniú, cinnteoidh forais cháiliúcháin ainmnithe go foirmiúil go bhfuil aird chuí tugtha ag an soláthraí nasctha ar na nithe seo a leanas:

Treoirlínte dearbhaithe cáilíochta QQI mar seo a leanas:

- *Croí-Threoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta Reachtúla*
- *Treoirlínte Earnáil-Shonracha do Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha (a lorgaíonn formheas DC ó QQI ar bhonn deonach)* de réir mar is cuí. Léiríonn na treoirlínte seo an dícheall cuí agus an riosca leathan measúnaithe a chaithfidh an foras cáiliúcháin a cheadaíonn gnásanna DC an tsoláthraí a dhéanamh. Díríonn siad ar chumas an tsoláthraí nasctha cláir a sheachadadh go sásúil as a leanann dámhachtainí sa CNC; comhlíonadh ceanglais dhlíthiúla, acmhainní soláthraithe agus rialachas soláthraithe
- Aon treoirlínte DC topaic-shonracha eile, de réir mar is cuí

Riachtanais shonracha an Fhorais Cháiliúcháin Ainmnithe amhail:

- Beartais, gnásanna agus treoirlínte an fhorais cháiliúcháin ainmnithe ábhartha
- Treoracha maidir le foirm agus modh foilsithe gnásanna DC arna gceadú ag an bhForas Cáiliúcháin Ainmnithe (Alt 33(3) d'Acht 2012)

Ba cheart d'fhorais cháiliúcháin ainmnithe díchill chuí a chur i bhfeidhm agus a bheith feasach ar aon riosca clú dóibh féin agus don earnáil agus/nó don chóras cáilíochtaí náisiúnta a ghabhann le haon soláthraithe nasctha ionchasacha agus le linn na monatóireachta leanúnaí agus athbhreithnithe leanúnacha ar sholáthraithe nasctha bunaithe.

*Seo a leanas achoimre ar na réimsí táscacha ar cheart d'fhorais cháiliúcháin ainmnithe a bhreithniú agus iad ag cinneadh cibé an ndéanfaidh siad dámhachtainí i leith clár nó cláir a thairgeann soláthraí nasctha ionchasach nó leanúint ar aghaidh ag déanamh dámhachtainí i leith clár nó cláir a thairgeann soláthraí nasctha bunaithe.*

**1) Ceanglais dlí, dea-chlú agus comhlíontachta**

- An eintiteas dlíthiúil é an soláthraí, a bhfuil oideachas agus oiliúint mar phríomhfheidhm aige? An duine dlítheanach atá sainaitheanta go soiléir é an t-eintíteas dlíthiúil, a bhfuil cearta agus freagrachtaí dlí air?
- An bhfuil a spleáchais, a shocruithe comhoibríocha, a oibleagáidí, a mháthair-eagraíochtaí agus a fhochuideachtaí sonraithe go soiléir ag an soláthraí?
- An bhfuil aon chaidreamh agus comhpháirtíochtaí tríú páirtí dearbhaithe ag an soláthraí?
- An gcomhlíonann an soláthraí rialacháin agus reachtaíocht infheidhme i ngach dlínse ina bhfeidhmíonn sé?
- An bhfuil seasamh maith ag an soláthraí sna córais cháilíochtaí agus sna córais oideachais agus oiliúna in aon dlínsí ina bhfeidhmíonn sé (nó ina n-oibríonn a máthair-chuideachtaí nó a fhochuideachtaí) nó ina gcláraíonn sé foghlaimeoirí, nó ina bhfuil socruithe aige le forais cháiliúcháin, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cáilíochtaí, aireachtaí oideachais agus oiliúna, forais ggairmiúla agus rialtóirí?

**2) Ceanglais acmhainní, rialachais agus struchtúracha**

- An bhfuil an soláthraí cobhsaí agus i riocht maith airgeadais?
- An bhfuil cás gnó réasúnta ag an soláthraí maidir le soláthar inbhuanaithe?
- An bhfuil struchtúir rialachais, bainistíochta agus cinnteoireachta atá oiriúnach don fheidhm ag an soláthraí?
- An bhfuil socruithe ag an soláthraí chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar don fhoras cáiliúcháin ainmnithe?
- An bhfuil an cumas ag an soláthraí oideachas agus oiliúint a sheachadadh arna léiriú ó thaithí agus i gcuntas teiste ó thaobh cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar?
- An bhfuil acmhainní dóthanacha chomh maith le córais dearbhaithe cáilíochta corparáideacha, struchtúracha agus inmheánacha ag an soláthraí, chun cláir oideachais agus oiliúna, a cuireadh isteach le haghaidh ceadú clár chuig an fhoras cáiliúcháin ainmnithe, a sholáthar go hinbhuanaithe?

**3) Riachtanais ó thaobh cláir a fhorbairt agus a sholáthar**

- An bhfuil cumas léirithe ag an soláthraí ó thaobh cláir a dhearadh, a fhorbairt, a sholáthar agus a athbhreithniú de réir mar is cuí agus cloí leis na coinníollacha caighdeánacha atá sonraithe ag an bhforas cáiliúcháin ainmnithe maidir le ceadú clár?
- An bhfuil líon foirne oideachais agus oiliúna ag an soláthraí atá oiriúnach don fheidhm agus cobhsaí?
- An bhfuil áitreabh, saoráidí agus acmhainní ag an soláthraí atá oiriúnach don fheidhm?
- An bhfuil struchtúir agus acmhainní ag an soláthraí chun bheith mar bhonn taca le measúnú cothrom comhsheasmhach ar ghnóthachtáil foghlaimeoirí?
- An bhfuil socruithe ag an soláthraí chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint?

**4) Athruithe suntasacha ar riachtanais**

Ar chuir an soláthraí aon athruithe suntasacha ar na ceanglais atá leagtha amach in 1 go 3 thuas in iúl don fhoras cáiliúcháin ainmnithe?

Féachfar i ngnásanna de chuid fhoras cáiliúcháin ainmnithe a leagtar amach faoi Alt 33(2) d'Acht 2012, don rogha atá acu:

- Gnásanna beartaithe do sholáthraí nasctha a cheadú;
- Diúltú na gnásanna molta a cheadú ach moltaí a dhéanamh; nó
- Diúltú na gnásanna a cheadú.

# 6 CAIGHDEÁIN AGUS DÁMHACHTAINÍ

Ceanglaítear ar fhorais cháiliúcháin ainmnithe gnásanna a bhunú lena chinntiú:

- Go n-aithnítear gach dámhachtain a dhéantar, a mhéid is indéanta le réasún, laistigh den CNC, lena n-áirítear na dámhachtainí sin a dhéantar thar ceann soláthraithe nasctha. Gur QQI atá freagrach as na beartais agus na critéir ar a bhfuil an CNC bunaithe.
- Go bhfaigheann foghlaimeoirí atá rollaithe ar chláir as a leanann dámhachtainí a aithnítear laistigh den CNC an caighdeán eolais, scile nó inniúlachta a bhaineann le leibhéal na dámhachtana sin.
- Go dtéitear i gcomhairle le forais rialála gairmiúla agus le QQI maidir le caighdeáin agus dearbhú cáilíochta clár as a leanann cáilíochtaí i ngairmeacha rialaithe.

## 6.1 GNÁSANNA DEIMHNIÚCHÁIN

Ba cheart do FCAnna gnásanna doiciméadaithe a bhunú chun dámhachtainí a dheimhniú agus chun taifid foghlaimeoirí agus dámhachtainí a choinneáil. Ba cheart feidhm a bheith ag na gnásanna seo maidir le gach dámhachtain a dhéanann foras cáiliúcháin ainmnithe, lena n-áirítear iad sin a dhéantar thar ceann soláthraithe nasctha. Féachfar sna gnásanna seo do:

- Leibhéal na dámhachtana, aicme agus cineál na dámhachtana sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, lena n-áirítear tagairtí do luach iomlán creidiúinti na dámhachtana.
- Tagairtí eile dá leithéid a éascaíonn cur i bhfeidhm an CNC, amhail an Forlíonadh Dioplóma Eorpach